



OÉ Gaillimh
NUI Galway




ag foghlaim

in OÉ Gaillimh



www.nuigalway.ie



Réamhrá

Tá áiseanna den scoth againn anseo in OÉ Gaillimh. Má chinneann tú freastal ar OÉ Gaillimh, beidh tú ag staidéar in Ollscoil iontach a bhfuil cáil bainte amach aici as feabhas a cuid teagaisc – Ollscoil atá ar an bhfód le 160 bliain anuas.

Ní dhéanfaidh tú dearmad go brách ar do thréimhse mar mhac léinn in OÉ Gaillimh. Ní hamháin go gcuirfear oideachas den scoth ort, ach forbrófar do chuid scileanna pearsanta agus sóisialta ar bhealach a rachaidh chun tairbhe duit ar feadh do shaoil.

Scoth an Teagaisc

Tá pobal foghlama in OÉ Gaillimh a thabharfaidh misneach duit agus a thabharfaidh do dhúshlán:

- Tá an teagasc á dhéanamh ag léachtóirí a bhfuil taighde ceannródaíoch ar bun acu ina réimse ábhair féin
- Pléitear na smaointe agus na fionnachtana is nua-aimseartha sna léachtaí
- Tá clú agus cáil ar ár léachtóirí as a chairdiúla agus a thuisceanaí a bhíonn siad, agus bíonn an t-am acu cabhrú le mic léinn i gcónaí
- Tá réimse leathan cúrsaí ar fáil, mar sin is cinnte go bhfuil cúrsa anseo a fheileann duitse

Deiseanna den scoth

Ní fios cá mbeidh do thriall le céim ó OÉ Gaillimh:

- Bíonn an-tóir ag fostóirí ar fud an domhain ar ár gcéimithe
- Bhí 98.5% dár gcéimithe ag obair, ag taisteal nó ag staidéar laistigh de shé mhí ón uair a bhfuair siad an chéim
- Tugann Ionad Forbartha Gairmeacha na hOllscoile comhairle maidir le pleanáil ghairme, CV a scríobh, agallaimh a dhéanamh mar aon le socrúcháin oibre a eagrú anseo in Éirinn agus thar lear.

*a bhfuil eolas ar fáil fíthu

Cúrsaí nua nach bhfuil ar fáil aon áit eile

Tá rogha leathan clár céime ar fáil againn:

- Déantar clár nua agus nuálacha a fhorbairt de shíor le freagairt do riachtanais ár gcuid mac léinn agus le freastal ar éilimh mhargadh na fostaíochta
- I measc na gcúrsaí nua a thosaigh i mbliana tá siad seo a leanas:
 - Innealtóireacht Córás Fuinnimh
 - Nuálaíocht Innealtóireachta – Leictreonach
 - BA i Léann an Chomhshaoil & na Sochaí/i Léann na hÓige agus an Teaghlaigh
 - BA CONNECT le Léann Mheiriceá Laidinigh (ag tosú i Meán Fómhair 2010)
- Cuirimid réimse clár ar fáil chomh maith nach bhfuil fáil orthu ach in OÉ Gaillimh, agus ina measc tá siad seo a leanas:
 - BA CONNECT, réimse nuálach clár sna Dána a mbíonn deiseanna speisialtóireachta ag baint leo
 - Cosliacht
 - Innealtóireacht Spóirt agus Aclaíochta
 - Muireolaíocht



Cúiteamh do Scothscoláirí

Tá sé mar aidhm againn aitheantas a thabhairt do mhic léinn a néiríonn thar barr leo agus scoláireachtaí a chur ar fáil do mhicléinn eisceachtúla:

- Scoláireachtaí Iontrála do mhic léinn a bhaineann breis agus 560 pointe amach san Ardeistiméireacht
- Scoláireachtaí do mhic léinn leighis a mbíonn torthaí den scoth acu san Ardeistiméireacht
- Scoláireachtaí Spóirt i réimse spóirt éagsúil
- Scoláireachtaí Gaeltachta, Scoláireachtaí na Roinne Oideachais, Scoláireachtaí James Massey Keegan (do mhic léinn as Maigh Eo) agus scoláireachtaí Gaeilge eile

Ollscoil na Bliana 2009 an Sunday Times

Seo a leanas roinnt de na cúisenana ar roghnaíodh OÉ Gaillimh mar Ollscoil na Bliana 2009:

- An méadú is mó ar líon na n-iarratas fochéime sa tír in 2009
- Na mic léinn thar a bheith sásta leis an ollscoil
- Cúrsaí nua agus nuálacha á mbunú againn le fada
- An ollscoil is fearr ó thaobh mic léinn a choinneáil
- Ceann de na hollscoileanna is fearr ó thaobh fostaíochta de
- Infheistiocht i gcampas nua-aimseartha €400 milliún na toadhcháí
- An taifead is fearr ó thaobh mic léinn ó chúlraí neamhthraidisiúnta ag freastal ar an ollscoil

SUNDAY TIMES
UNIVERSITY OF THE YEAR
'09 - '10

Infheistiú i do thimpeallacht foghlama

Tá forbairt ar bhonn leanúnach ar siúl ar champas OÉ Gaillimh ar mhaithe le timpeallacht foghlama den scoth a chruthú duitse. I láthair na huaire, tá clár infheistiúchá caipitil ar fiú €400 milliún é á chur i bhfeidhm:

- Áirítear leis seo an Foirgneamh Innealtóireachta nua ar fiú €40 milliún é, a bheidh ag oscailt in 2011
- Cuireann an tIonad nua Spóirt, Ionad Cultúir do Mhic Léinn agus an síneadh leis an Leabharlann go mór le taithí na mac léinn in OÉ Gaillimh
- I measc na bhforbairtí a críochnaíodh le déanaí tá Scoil Ghnó agus Eacnamaíochta J.E. Cairnes agus foirgneamh breá nua don Scoil Altranais agus Chnámhseachais
- I measc na bpleananna atá againn amach anseo tá foirgnimh nua do na hEolaíochtaí Leighis agus áis taighde do mhic léinn sna Dána

Taithí ar leith le fáil ag mic léinn in OÉ Gaillimh...

Is taithí ar leith é freastal ar OÉ Gaillimh – taithí nach bhfuil ar fáil in áit ar bith eile.

Bí Rannpháirteach Linn

Tá breis agus 83 cumann agus 45 club spóirt gníomhach ar an gcampas, rud a chiallaíonn nach mbeidh deacracht ar bith agat aithne a chur ar dhaoine agus páirt a ghlacadh i saol an mhic léinn. Is bealach iontach é a bheith páirteach i gcumann nó i gclub chun scileanna nua a fhoghlaim, bualadh le daoine a bhfuil na réimsí céanna spéise acu agus taitneamh a bhaint as an saol. Tá tuilleadh eolais le fáil ag: www.socs.nuigalway.ie



Tabhair cuairt orainn

Beidh Lá Oscailte againn Dé Sathairn, an 24 Aibreán ó 10am go 3pm.

Chun áit a chur in áirithe ag an Lá Oscailte i mí Aibreáin téigh go dtí: www.nuigalway.ie/openday

Más mian leat an Ollscoil a fheiceáil roimhe sin, ba bhreá linn turas ar an gcampas a eagrú duit. Tugann mic léinn reatha na turais seo do dhaoine agus taispeánann siad príomhaiseanna an champais dóibh.

Chun turas a chur in áirithe seol ríomhphost chuig marketing@nuigalway.ie.

Cad a deir na mic léinn?

Peter Mannion

Mac léinn Dlí

Bíonn scoth an teagaisc ar fáil in OÉ Gaillimh agus tá sí réchúiseach agus cairdiúil mar áit, rud a chabhraigh liom dul chun cinn a dhéanamh. Tá saol den scoth ann do mhic léinn chomh maith, agus sin an fáth ar roghnaigh mise í.

Tá deiseanna iontacha faighte agam de bhrí go bhfuil mé i mbun staidéir ar an dlí in OÉ Gaillimh. Fuair mé an deis intéirneacht a dhéanamh in Oifig Barack Obama i Seanad SAM. Ba mhór an phribhléid é. Is cuimhin liom gur cheap mé gur i mbrionglóid a bhí mé gach lá agus mé ag siúl chun na hoibre i gCaipéal SAM.

Tá muinín tugtha ag OÉ Gaillimh dom agus tá na scileanna faighte agam a cheadaigh dom mo chuid uailmhianta a fhíorú.



Bí gníomhach

Is cuid lárnach den saol in OÉ Gaillimh é an spórt. In Ionad Spóirt den scoth OÉ Gaillimh tá fíoraiseanna spóirt cosúil le hairéine náisiúnta cispheile agus halla spóirt agus linn snámha 25 méadar. Is féidir an t-urlár a ardú agus a ísliú inti. Tá giomnáisiam an-mhór le 130 píosa trealaimh ann agus balla dreapadóireachta a bhfuil an teicneolaíocht is úire úsáidte ann san ionad chomh maith. I measc na ndeiseanna spóirt faoin aer tá páirceanna imeartha féir nádúrtha, páirc imeartha féir thacair faoi thuilsoilse agus rian lúthchleasaíochta. Tugtar tacaíocht ar leith do spóirt éilte anseo in OÉ Gaillimh. Tá eolas breise le fáil ar www.nuigalway.ie/sports

Michelle Downes

Mac léinn Síceolaíochta

Táim sa tríú bliain de mo chéim sa tSíceolaíocht agus is breá liom é. Bíonn réimse éagsúil ábhar ann gach seimeastar agus bíonn na léachtóirí chomh suimiúil lenn go mbíonn aiféala ort má bhíonn tú as láthair ó léacht.

Síceolaíocht Fhóirínseach an t-ábhar ab fhearr liom go dtí seo de bhrí go raibh sé chomh spéisiúil sin – i bhfad níos fearr ná clár CSI!

Tá sé an-éasca labhairt leis na léachtóirí anseo, tá fiospéis acu ionainn agus déanann siad cinnte de go gcuireann siad a seoladh ríomhphoist agus na huairéanta a mbíonn teacht orthu san oifig ar fáil ar eagla go mbeadh aon cheist ag aon duine.

Tá atmaisféar iontach in OÉ Gaillimh agus tá gach rud ar fáil ann. Bhuail mé leis an oiread sin daoine anseo, cuid de mo chuid cairde san áireamh ... an cás céanna a bheidh ann duitse!



OÉ Gaillimh
NUI Galway

Tuilleadh eolais le fáil ar:

www.nuigalway.ie | T: +353 91 492199 | E: admissions@nuigalway.ie

Tá leagan Gaeilge den bhileog eolais ar fáil le híoslódáil i bhfoirm PDF anseo www.nuigalway.ie/courses/undergraduate-courses